C/2025/6580

11.12.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/6580)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Esrom'

PGI-DK-0329-AM01 - 15.9.2025

1. **Ainm an táirge**

'Esrom'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ Ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC)

☒ Tásc geografach faoi chosaint (TGFC)

☐ Tásc geografach (TG)

3. **Earnáil**

☒ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Danmhairg

5. **Údarás an Bhallstáit a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

Fødevarestyrelsen [Údarás Tréidliachta agus Bia na Danmhairge]

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Míniú ar an bhfáth a dtagann an leasú faoin sainmhíniú ar leasú caighdeánach dá bhforáiltear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143:

Baineann na leasuithe le hathruithe eagarthóireachta agus nuashonruithe nach bhfuil mórthábhacht ag baint leo.

Ní thagann an t-iarratas chun an tásc geografach faoi chosaint Esrom a leasú faoi aon cheann de na trí chás dá bhforáiltear in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ar leasú ar leibhéal an Aontais é le haghaidh táirgí talmhaíochta, is iad sin:

(a) athrú ar ainm nó ar úsáid an ainm;

(b) baol dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach dá dtagraítear sa doiciméad aonair ar neamhní;

(c) srianta breise i dtaca le margaíocht a dhéanamh ar an táirge.

Dá bhrí sin, aicmítear na leasuithe ar shonraíocht táirge an táisc gheografaigh faoi chosaint Esrom mar leasú caighdeánach de réir bhrí Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

1. *Tarraingíodh suas doiciméad aonair*

Tarraingíodh suas doiciméad aonair toisc nár foilsíodh aon doiciméad roimhe seo.

Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

2. *Baineann an leasú le Roinn 2.1, 'Comhdhéanamh' den sonraíocht táirge*

'Esrom 20+: íosmhéid saille in ábhar tirim 20 %; íosmhéid ábhair thirim 47 %

Esrom 30+: íosmhéid saille in ábhar tirim 30 %; íosmhéid ábhair thirim 48 %

Esrom 45+: íosmhéid saille in ábhar tirim 45 %; íosmhéid ábhair thirim 50 %

Esrom 60+: íosmhéid saille in ábhar tirim 60 %; íosmhéid ábhair thirim 57 %'

leasaítear sin mar a leanas:

'Féadfar Esrom a tháirgeadh leis na leibhéil cion saille seo a leanas:

— íosmhéid saille in ábhar tirim 20 %; íosmhéid ábhair thirim 47 %

— íosmhéid saille in ábhar tirim 30 %; íosmhéid ábhair thirim 48 %

— íosmhéid saille in ábhar tirim 45 %; íosmhéid ábhair thirim 50 %

— íosmhéid saille in ábhar tirim 60 %; íosmhéid ábhair thirim 57 %'.

Cúis: Leasú eagarthóireachta.

Rinneadh an leasú sin sa roinn 'Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)' den doiciméad aonair.

Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

3. *Baineann an leasú le Roinn 7, 'Comhlacht deimhniúcháin agus comhlacht cigireachta' den sonraíocht táirge*

Cúis: Scriosadh an roinn toisc nach meastar go bhfuil faisnéis maidir le cé atá freagrach as comhlíonadh na sonraíochta táirge a sheiceáil ábhartha chun í a chur sa tsonraíocht. Thairis sin, ní tharmligtear an cúram sin a thuilleadh, ach is é Riarachán Tréidliachta agus Bia na Danmhairge a dhéanann é anois.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

4. *Baineann an leasú le Roinn 8, 'Lipéadú' na sonraíochta táirge*

Scriosadh na focail 'Esrom 20+, Esrom 30+, Esrom 45+ agus Esrom 60+, ag brath ar an gcion saille, móide "tásc geografach faoi chosaint" nó "TGFC"'.

Cúis: Tá an ceanglas maidir leis an ainm a fhorlíonadh le 'tásc geografach faoi chosaint' nó 'TGFC' infheidhme cheana féin agus, dá bhrí sin, ní gá é a chur sa tsonraíocht táirge freisin. Thairis sin, bhí an téacs roimhe sin míchuí toisc gur tugadh le fios ann go bhféadfaí an cion saille in ábhar tirim a léiriú go díreach in éineacht leis an tásc geografach faoi chosaint Esrom.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

5. *Baineann an leasú le Roinn 9, 'Ceanglais náisiúnta' na sonraíochta táirge*

Scriosadh an roinn ar fad.

Cúis: Níl aon cheanglas náisiúnta sonrach ann.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

6. *Tugadh ainm agus seoladh an ghrúpa táirgeoirí cothrom le dáta, ach seachas sin níl aon athrú tagtha ar an roinn*

Cúis: Tugadh sonraí teagmhála an ghrúpa táirgeoirí cothrom le dáta.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

'Esrom'

Uimh. AE: PGI-DK-0329-AM01 - 15.9.2025

ATFC ( ) TGFC (X)

1. **Ainm (nó ainmneacha) [an ATFC nó an TGFC]**

'Esrom'

2. **Ballstát nó tríú tír**

An Danmhairg

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

04 – TÁIRGÍ DÉIRÍOCHTA; UIBHEACHA ÉAN; MIL NÁDÚRTHA; TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH, NACH bhFUIL SONRAITHE NÁ ÁIRITHE IN ÁIT EILE

0406 – Cáis agus gruth

0406 90 – Cáis eile

0406 90 79 – Esrom, Italico, Kernhem, Saint-Nectaire, Saint-Paulin, Taleggio

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Cáis chaidéalaithe ghrutha, leath-theann go teann, aibithe, a tháirgtear ó bhainne bó na Danmhairge.

Comhdhéanamh:

Is féidir Esrom a tháirgeadh leis na leibhéil cion saille seo a leanas:

1. íosmhéid saille in ábhar tirim 20 %; íosmhéid ábhair thirim 47 %
2. íosmhéid saille in ábhar tirim 30 %; íosmhéid ábhair thirim 48 %
3. íosmhéid saille in ábhar tirim 45 %; íosmhéid ábhair thirim 50 %
4. íosmhéid saille in ábhar tirim 60 %; íosmhéid ábhair thirim 57 %

Cruth agus meáchan (cáis iomlán):

(a) dronuilleogach: fad thart ar dhá oiread an leithid. 1: airde 3,5-4,5 cm, meáchan 0,2-0,5 kg 2: airde 4,0-7,0 cm, meáchan 1,3-2,0 kg

(b) dronuilleogach: airde 4,0-7,0 cm, meáchan 2 kg ar a laghad

An taobh amuigh:

Craiceann inite tanaí, bog, idir scothbhuí agus buí-oráiste agus brat screimhe beagnach tirim, tanaí agus aonfhoirmeach idir buí-dhonn agus dearg-dhonn. Bíonn dromchla beagán gréisceach ar cháiseanna is sine mar gheall ar athfhoirmiú na screimhe cáise.

Dath:

Dath aonfhoirmeach idir scothbhuí agus bán.

Struchtúr:

Súile atá scaipthe go cothrom, neamhrialta agus chomh mór le gráinne ríse, a bheag nó a mhór.

Raimhre:

Aonfhoirmeach ar fud na cáise. Bog, ach oiriúnach le gearradh. Boladh agus blas: Séimh, aigéadach, aramatach, arb é is saintréith di aibiú dromchla. Bíonn an boladh agus an blas a thagann ón aibiú dromchla ceannasach de réir mar a théann an cháis in aois.

Am aibithe:

Coicís ar a laghad.

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

—

Táirgtear Esrom go heisiach ó bhainne ón limistéar geografach.

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

An Danmhairg

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Cruthúnas tionscnaimh: Táirgtear Esrom go heisiach ó bhainne ón limistéar geografach. Déanann an comhlacht cigireachta doiciméadacht maidir leis sin a fhíorú, agus ní mór dó a léiriú don chomhlacht creidiúnaithe go bhfuil an tseiceáil sin déanta. Coinnítear taifid bheachta ar na soláthróirí uile, toisc gurb iad sin is bonn d'íocaíochtaí an bhainne. Sula seoltar iad, déantar na cáiseanna a lipéadú i gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair chun a áirithiú gur féidir iad a rianú siar go dtí an déiríocht. Déanann na húdaráis faireachán ar an lipéadú. Modh táirgthe: Déantar bainne bó amh na Danmhairge a chaighdeánú a mhéid a bhaineann le cion saille agus déantar é a phaistéaradh ag teocht íseal. Cuirtear aiste thosaithe bia agus binid isteach. Gearrtar an gruth le scian nuair a bhaintear an teinne iomchuí amach. Corraítear an meascán ansin, draenáiltear meadhg agus téitear é. Doirtear na gruthanna isteach i múnlaí agus brúitear na cáiseanna go héadrom ansin. Déantar na cáiseanna a fhuarú, a shailleadh, a chóireáil ar an dromchla le saothrán screimhe cáise agus stóráiltear iad i mbogthaise ard. Tar éis an aibithe, déantar na cáiseanna a ní, a thriomú agus a phacáistiú. Nasc: Arna fhorbairt ag manaigh ag Mainistir Esrom san 12ú agus san 13ú haois. Rinneadh forbairt bhreise uirthi ag Institiúid Taighde an Rialtais don Tionscal Déiríochta i lár na 1930idí. Táirgeadh an cháis den chéad uair ag Midtsjællands Herregårdsmejeri agus ansin ag déiríochtaí eile. Laistigh agus lasmuigh den Chomhphobal araon, tá cáil ar Esrom mar speisialtacht de bhunadh na Danmhairge. Baineadh an cháil sin amach trí thionscnaimh reachtacha agus trí obair a rinne comhlachas na dtáirgeoirí le 40 bliain anuas chun cáilíocht an táirge a áirithiú agus chun a saintréithe traidisiúnta ar leith a chaomhnú.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://foedevarestyrelsen.dk/Media/638924859678122605/Produktspecifikation%20for%20esrom%20-%20september%202025.pdf